BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an tOchtú Dlísheomra)

5 Meitheamh 2025*

(Tarchur chun réamhrialú – Aeriompar idirnáisiúnta – Coinbhinsiún Montréal – Dliteanas aeriompróirí – Airteagal 19 – Damáiste a eascraíonn as an moill ar phaisinéirí, ar bhagáiste nó ar earraí a iompar d'aer – Airteagal 31(2) – Tréimhse theorann le haghaidh gearán – Gearán roimh an dáta a cuireadh an bagáiste lena mbaineann ar fáil don fhaighteoir)

I gCás C-292/24,

IARRAIDH ar réamhrialú de bhun Airteagal 267 CFAE, ó Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), trí bhreith an 2 Eanáir 2024, a fuarthas ag an gCúirt an 25 Aibreán 2024, sna himeachtaí

AD

v

Iberia, Líneas Aéreas de España, SA Operadora Unipersonal

tugann AN CHÚIRT (an tOchtú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: S. Rodin (Rapóirtéir), Uachtarán Dlísheomra, N. Piçarra agus O. Spineanu-Matei, Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: M. Szpunar,

Cláraitheoir: A. Calot Escobar,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– AD, ag M. Hotes, Rechtsanwalt,

– an Coimisiún Eorpach, ag G. von Rintelen agus N. Yerrell, i gcáil Gníomhairí,

tar éis cinneadh a dhéanamh, tar éis di an tAbhcóide Ginearálta a éisteacht, breith a thabhairt ar an gcás gan Tuairim,

an Breithiúnas seo a leanas:

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar an dara habairt d'Airteagal 31(2) den Choinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le hiompar idirnáisiúnta d'aer, a tugadh i gcrích in Montréal an 28 Bealtaine 1999, arna shíniú ag an gComhphobal Eorpach an 9 Nollaig 1999, agus arna fhormheas thar a cheann le Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001 (IO 2001 L 194, lch. 38) ('Coinbhinsiún Montréal'), a tháinig i bhfeidhm, a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, an 28 Meitheamh 2004.

2 Rinneadh an iarraidh in imeachtaí idir AD, aerphaisinéir, agus Iberia Líneas Aéreas de España SA Operadora Unipersonal ('Iberia'), aerlíne, maidir le dliteanas na haerlíne sin i leith damáiste a eascraíonn as an moill ar bhagáiste AD agus daoine a bhí ag taisteal leis a iompar d'aer.

An dlí lena mbaineann

Coinbhinsiún Montréal

3 De réir an tríú haithris a ghabhann le Coinbhinsiún Montréal, aithníonn na Stáit is Páirtithe sa Choinbhinsiún sin 'an tábhacht a bhaineann le leasanna tomhaltóirí maidir le haeriompar idirnáisiúnta a chosaint agus an gá le cúiteamh cóir bunaithe ar phrionsabal an chúitimh'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil].

4 Luaitear sa chúigiú haithris a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin 'gurb é glacadh na mbeart comhchoiteann ag Stáit d'fhonn comhchuibhiú agus códú breise a dhéanamh ar rialacha áirithe lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta an bealach is fearr chun cothromaíocht chóir leasanna a bhaint amach'.

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

5 Foráiltear le hAirteagal 19 de Choinbhinsiún Montréal, dar teideal 'Moill', mar a leanas:

'Is é an t-iompróir atá faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as moill ar phaisinéirí, ar bhagáiste nó ar earraí a iompar d'aer. Ní bheidh an t-iompróir faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as moill, áfach, má chruthaíonn sé go ndearna sé féin, a chuid seirbhíseach agus a chuid gníomhairí gach beart réasúnach chun an damáiste a sheachaint, nó nárbh fhéidir leo é a dhéanamh.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

6 Foráiltear le hAirteagal 31 den Choinbhinsiún sin, dar teideal 'Fógra tráthúil na ngearán', mar a leanas:

'1. Is ionann bagáiste cláraithe agus earraí a fháil ag an bhfaighteoir gan ghearán agus toimhde, mura gcruthaítear a mhalairt, gur seachadadh an bagáiste agus na hearraí i ndea-bhail agus i gcomhréir leis an ticéad nó leis na sonraí a taifeadadh ar bhealaí eile dá dtagraítear in Airteagal 3(2) agus in Airteagal 4(2).

2. I gcás damáiste, ní mór don fhaighteoir gearán a dhéanamh leis an iompróir láithreach tar éis dó an damáiste a thabhairt faoi deara, agus, ar a dhéanaí, laistigh de thréimhse 7 lá i gcás bagáiste

cláraithe agus laistigh de 14 lá i gcás earraí ón dáta a fuarthas iad. I gcás moille, ní mór an gearán a dhéanamh ar a dhéanaí laistigh de 21 lá ón dáta a cuireadh an bagáiste nó an t-earra ar fáil dó.

3. Ní mór aon ghearán a dhéanamh i scríbhinn agus a sheachadadh nó a sheoladh laistigh den teorainn ama arna leagan síos do ghearán den sórt sin.

4. Mura ndéanfar gearán laistigh den teorainn ama arna leagan síos, beidh aon imeachtaí i gcoinne an iompróra do-ghlactha, ach amháin i gcás ina ndéanfaidh an t-iompróir calaois.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí an Aontais Eorpaigh

7 De réir Airteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 2027/97 ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 1997 maidir le dliteanas aeriompróirí i ndáil le hiompar paisinéirí agus a gcuid bagáiste d'aer (IO 1997 L 285, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE) Uimh. 889/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Bealtaine 2002 (IO 2002 L 140, lch. 2), 'beidh dliteanas aeriompróra de chuid an Chomhphobail i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste faoi rialú ag forálacha uile Choinbhinsiún Montréal a bhaineann leis an dliteanas sin'.

An díospóid sna príomhimeachtaí agus an cheist a tharchuirtear

8 An 15 Nollaig 2021, fuair AD agus beirt eile eitilt, a cuireadh in áirithe le Iberia, ó Frankfurt am Main (an Ghearmáin) go Cathair Phanama (Panama) le stad i Maidrid (an Spáinn). Ós rud é nár tháinig a mbagáiste isteach i gCathair Phanama in am, dhearbhaigh AD nach raibh an bagáiste ann an lá céanna agus chuaigh sé i dteagmháil le seirbhís cuardaigh bagáiste Iberia ar an teileafón.

9 Mar thoradh ar an gcás sin, chuir AD, agus na daoine a bhí ag taisteal leis, an chuid eile dá dturas siar agus chuir AD in iúl, i bhfoirm theagmhála ó Iberia, gur mhian leis go rachadh an chuideachta sin i dteagmháil go pearsanta leis faoin 18 Nollaig 2021 ar a dhéanaí, agus dá uireasa sin cheannóidís trealamh athsholáthair agus leanfaidís dá dturas. In éagmais freagra ó Iberia, cheannaigh siad an trealamh athsholáthair. Níor tháinig an bagáiste sin isteach i gCathair Phanama go dtí go raibh an trealamh sin ceannaithe, an 20 Nollaig 2021.

10 Le caingean arna tabhairt os comhair Amtsgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Dúiche, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), d'éiligh AD ó Iberia, ar bhonn a cheart féin agus iad siúd a d'aistrigh na daoine a bhí ag taisteal leis chuige, costas an trealaimh athsholáthair sin, speansais taistil agus praghas na dticéad le haghaidh eitilt athsholáthair a aisíoc.

11 Le breithiúnas an 30 Eanáir 2023, dhíbh an chúirt sin an chaingean sin ar an bhforas nár comhlíonadh an teorainn ama dá bhforáiltear sa dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal agus nach raibh an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 31(4) den Choinbhinsiún sin infheidhme ach an oiread.

12 Rinne AD achomharc i gcoinne an bhreithiúnais sin os comhair Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main, an Ghearmáin), arb í an chúirt a rinne an tarchur.

13 Measann AD gurb ionann a dhearbhú lena gceanglaítear ar Iberia dul i dteagmháil leis faoin 18 Nollaig 2021 ar a dhéanaí agus gearán luath lena gcuirtear Iberia ar an eolas go cuí maidir leis an damáiste atá ar tí tarlú agus lena n-urramaítear an teorainn ama a leagtar síos sa dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal. Ós rud é go raibh a fhios ag Iberia nach ndeachthas i dteagmháil go pearsanta le AD laistigh den teorainn ama a leag AD síos agus, ar an dáta sin, nár seachadadh an bagáiste lena mbaineann, bhí sé ar an eolas cheana féin gur tharla an damáiste de réir bhrí na forála sin ar an dáta sin. Dá bhrí sin, níor ghá teorainn ama nua a leagan síos tar éis sheachadadh an bhagáiste sin.

14 Os a choinne sin, measann Iberia nach féidir measúnú iarbhír a dhéanamh ar dhamáiste ach amháin tar éis sheachadadh an bhagáiste sin.

15 Sna himthosca sin, chinn Landgericht Frankfurt am Main (an Chúirt Réigiúnach, Frankfurt am Main) bac a chur ar na himeachtaí agus an cheist seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

'An teorainn ama daingean í an dara fomhír d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal agus an bhfuil sé le léiriú sa chaoi nach mór an fógra a thabhairt laistigh de 21 lá tar éis an bagáiste a thabhairt ar ais, nó an féidir an fógra a thabhairt fiú sula dtabharfar an bagáiste ar ais?'

An cheist a tharchuirtear

16 Lena ceist, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil an dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal le léiriú sa chaoi nach mór gearán mar gheall ar mhoill ar iompar bagáiste a dhéanamh go héigeantach laistigh de 21 lá ón dáta a cuireadh an bagáiste lena mbaineann ar fáil don fhaighteoir nó an bhféadfar an gearán sin a dhéanamh roimh an dáta sin.

17 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoi Airteagal 3(1) de Rialachán Uimh. 2027/97, arna leasú le Rialachán Uimh. 889/2002, go bhfuil dliteanas aeriompróra de chuid an Aontais Eorpaigh i leith paisinéirí agus a gcuid bagáiste faoi rialú ag forálacha uile Choinbhinsiún Montréal a bhaineann leis an dliteanas sin.

18 Dá bhrí sin, ó dháta theacht i bhfeidhm Choinbhinsiún Montréal a mhéid a bhaineann leis an Aontas Eorpach, eadhon an 28 Meitheamh 2004, tá forálacha an Choinbhinsiúin sin ina gcuid dhílis de dhlíchóras an Aontais agus tá dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais réamhrialuithe a thabhairt maidir lena léiriú (féach, chuige sin, breithiúnas an 17 Feabhra 2016, *Air Baltic Corporation*, C-429/14, EU:C:2016:88, míreanna 22 agus 23 agus an cásdlí dá dtagraítear).

19 Maidir le léiriú den sórt sin, sonraítear in Airteagal 31 de Choinbhinsiún Vín maidir le Dlí na gConarthaí an 23 Bealtaine 1969 (*Sraith Chonarthaí na Náisiún Aontaithe*, Iml. 1155, lch. 331), lena léirítear dlí idirnáisiúnta an ghnáis agus ar cuid de dhlíchóras an Aontais iad a fhorálacha, nach mór conradh a léiriú de mheon macánta, i gcomhréir leis an ngnáthbhrí atá le tabhairt dá fhoclaíocht ina chomhthéacs agus i bhfianaise a chuspóra agus a aidhme (breithiúnas an 20 Deireadh Fómhair 2022, *Laudamotion*, C-111/21, EU:C:2022:808, mír 22 agus an cásdlí dá dtagraítear).

20 I ndáil leis sin, is léir, ar an gcéad dul síos, ó fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal, i gcás moill ar bhagáiste nó earraí a ghlacadh, go gceanglaítear ar fhaighteoir an bhagáiste nó na n-earraí sin a ghearán a chur in iúl don iompróir ar a dhéanaí laistigh de 21 lá ón dáta a cuireadh an bagáiste nó na hearraí lena mbaineann ar fáil dó.

21 Cé go leagtar síos leis an bhforáil sin teorainn ama de 21 lá ón dáta a cuireadh an bagáiste ar fáil chun gearán den sórt sin a dhéanamh, ní chinneann sí ach an lá deireanach den tréimhse nach féidir, i bprionsabal, an gearán sin a dhéanamh go bailí ina dhiaidh. Tugtar le fios le léiriú litriúil ar fhoclaíocht na forála sin go bhféadfar an gearán sin a dhéanamh tráth ar bith idir moill ar sheachadadh bagáiste nó earraí agus dul in éag na teorann ama sin, agus dá bhrí sin roimh an dáta sin fiú.

22 Sna himthosca sin, ní mór a mheas, cé nach bhforáiltear go sainráite le hAirteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal go bhféadfaí gearán a dhéanamh roimh an dáta a chuirtear an bagáiste lena mbaineann ar fáil, go bhféadfar an fhoráil sin a léiriú sa chaoi go bhféadfar gearán a dhéanamh faoin bhforáil sin roimh an dáta sin.

23 Ina dhiaidh sin, is gá a chinneadh an dtacaíonn comhthéacs na forála sin leis an léiriú sin atá bunaithe ar fhoclaíocht an dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal.

24 I ndáil leis sin, ní mór a thabhairt faoi deara, sa chéad áit, go bhforáiltear le hAirteagal 31(1) de Choinbhinsiún Montréal gurb ionann bagáiste cláraithe a fháil ag an bhfaighteoir gan ghearán agus toimhde, mura gcruthaítear a mhalairt, gur seachadadh an bagáiste i ndea-bhail agus i gcomhréir leis an ticéad nó leis na sonraí a taifeadadh ar bhealaí eile dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Choinbhinsiún sin.

25 Dá bhrí sin, is é is cuspóir do ghearán amhail an gearán atá i gceist sna príomhimeachtaí, arna sheoladh chuig aeriompróir ag paisinéir, a chur in iúl don iompróir sin nár seachadadh an bagáiste cláraithe i ndea-bhail agus/nó i gcomhréir leis an ticéad nó leis na sonraí a taifeadadh ar bhealaí eile dá dtagraítear in Airteagal 3(2) den Choinbhinsiún sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Aibreán 2018, *Finnair*, C-258/16, EU:C:2018:252, mír 50), go háirithe a mhéid a bhaineann leis an tráth a bhí an seachadadh sin le déanamh.

26 Sa dara háit, de réir na chéad abairte d'Airteagal 19 de Choinbhinsiún Montréal, '[i]s é an t-iompróir atá faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as moill ar phaisinéirí, ar bhagáiste nó ar earraí a iompar d'aer'.

27 Dá réir sin, ní mór Airteagal 31(1) den Choinbhinsiún sin, arna léamh i bhfianaise na chéad abairte d'Airteagal 19 den Choinbhinsiún sin, a léiriú sa chaoi go bhfuil sé beartaithe le gearán arna dhéanamh ag an bpaisinéir lena mbaineann, amhail an gearán a chur isteach sna príomhimeachtaí, an t-aeriompróir a chur ar an eolas go bhfuil damáiste ann mar thoradh ar mhoill ar bhagáiste nó earraí a iompar d'aer (féach, de réir analaí, breithiúnas an 12 Aibreán 2018, *Finnair*, C-258/16, EU:C:2018:252, mír 52).

28 Dá bhrí sin, ní mór a mheas go leanann sé freisin ó chomhthéacs an dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal nach mór go bhféadfaí an damáiste a eascraíonn as moill ar bhagáiste a iompar d'aer a thuairisciú don aeriompróir ón uair a fhaigheann an paisinéir lena mbaineann eolas faoin moill sin agus ar a dhéanaí laistigh de 21 lá ón dáta a cuireadh an bagáiste sin ar fáil dó, gan iallach a bheith ar an bpaisinéir sin fanacht go dtí go gcuirfear an bagáiste sin ar fáil dó.

29 Deimhnítear an cinneadh sin, thairis sin, leis an bhfíoras, mar is léir ón dara habairt d'Airteagal 19 de Choinbhinsiún Montréal, nach mbeidh an t-iompróir faoi dhliteanas i leith damáiste a eascraíonn as moill má chruthaíonn sé go ndearna sé féin, a chuid seirbhíseach agus a chuid gníomhairí gach beart réasúnach chun an damáiste a sheachaint, nó nárbh fhéidir leo é sin a dhéanamh.

30 Mar a thug an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, go bunúsach, san iarraidh ar réamhrialú, má chuirtear in iúl don iompróir lena mbaineann gearán a bhaineann le moill ar bhagáiste a iompar roimh an dáta a cuireadh an bagáiste lena mbaineann ar fáil dá fhaighteoir, cuirtear ar chumas an iompróra sin an fhianaise is gá a bhailiú a luaithe is féidir chun an cruthúnas sin a thabhairt ar aird agus, dá bhrí sin, a bheith díolmhaithe óna dhliteanas faoin bhforáil sin.

31 Ar deireadh, tá an léiriú a leagtar amach i mír 22 den bhreithiúnas seo i gcomhréir freisin leis na cuspóirí a shaothraítear le Coinbhinsiún Montréal. Chinn na Stáit is páirtithe ann, ag aithint, i gcomhréir leis an tríú haithris den bhrollach a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, 'an tábhacht a bhaineann le leasanna tomhaltóirí maidir le haeriompar idirnáisiúnta a chosaint agus an gá le cúiteamh cóir bunaithe ar phrionsabal an chúitimh', foráil a dhéanamh do chóras diandliteanais aeriompróirí. Mar is léir ón gcúigiú haithris a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin, bíonn 'cothromaíocht chóir leasanna' idir aeriompróirí agus paisinéirí i gceist le córas den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 6 Iúil 2023, *Austrian Airlines (Garchabhair ar bord aerárthaigh)*, C-510/21, EU:C:2023:550, mír 25 agus an cásdlí dá dtagraítear).

32 Le léiriú ar an dara habairt d'Airteagal 31(2) den Choinbhinsiún sin lena gcuirfí cosc ar an bhféidearthacht, do na paisinéirí lena mbaineann, gearán a dhéanamh mar gheall ar mhoill ar bhagáiste a iompar roimh an dáta a cuireadh a mbagáiste ar fáil dóibh, bhainfí an bonn den chothromaíocht sin tríd an bhfoirmiúlacht gearáin a chur faoi réir coinníoll breise nach bhfuil gá leis, agus, thairis sin, bheadh sé contrártha do leasanna na n-iompróirí, mar is léir ó mhír 30 den bhreithiúnas seo.

33 Is léir ón méid sin roimhe seo gurb é an freagra ar an gceist a tarchuireadh nach mór an dara habairt d'Airteagal 31(2) de Choinbhinsiún Montréal a léiriú sa chaoi go bhféadfar gearán mar gheall ar mhoill ar bhagáiste a iompar a dhéanamh roimh an dáta a cuireadh an bagáiste lena mbaineann ar fáil don fhaighteoir.

Costais

34 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an tOchtú Dlísheomra) mar seo a leanas:

Maidir leis an dara habairt d'Airteagal 31(2) den Choinbhinsiún maidir le haontú rialacha áirithe i dtaca le hiompar idirnáisiúnta d'aer, a tugadh i gcrích in Montréal an 28 Bealtaine 1999, arna shíniú ag an gComhphobal Eorpach an 9 Nollaig 1999, agus arna fhormheas thar a cheann le Cinneadh 2001/539/CE ón gComhairle an 5 Aibreán 2001,

ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

féadfar gearán mar gheall ar mhoill ar bhagáiste a iompar a dhéanamh roimh an dáta a cuireadh an bagáiste lena mbaineann ar fáil don fhaighteoir.

Sínithe